

Cás Molly, bliain anonn

An bhfuil beart déanta de réir
a mbriathar ag Tusla agus ag an
HSE maidir leis na gealltanais
do leanaí faoi mhíchumas atá
i gcúram an Stáit?



ombudsman
do leanaí
for children

Cás Molly, bliain anonn; an bhfuil beart déanta de réir a mbriathar ag Tusla agus ag an HSE maidir leis na gealltanais do leanaí faoi mhíchumas atá i gcúram an Stáit?

Achoimre ar Chás Molly

In 2018, d'fhoilsigh Oifig an Ombudsman do Pháistí, Cás Molly, tuarascáil inar sonraíodh gearán a fuarthas maidir le leanbh faoi mhíchumas atá i gcúram altrama. Bliain anonn, táimid ag dul ar ais go dtí an cás seo agus ag coinneáil súil ar an ndul chun cinn atá déanta ag an HSE agus ag Tusla maidir le gealltanais a rinneadh, ag freagairt do thuarascáil na bliana seo caite.

Bhí Siondróim Down agus uathachas trom ar Molly nuair a saolaíodh í. Thréig a tuismitheoirí fola í ag am a breithe agus d'fhás sí suas lena cuid tuismitheoirí altrama tar éis di a bheith curtha leo nuair a bhí sí ceithre mhí d'aois. Tá Molly ag brath ar a cuid cúramóirí altrama fá choinne gach ghné dá cuid cúraim, lena n-áirítear, beathú, cúrsaí leithris, níosáin agus gléasadh.

Rinne cúramóir altrama Molly gearán linn faoi leibhéal na dtacaíochtaí agus na seirbhísí a bhí á gcur ar fáil ag Tusla agus ag an HSE chun dul i ngleic le riachtanais Molly agus chun tacú lena socrúchán.

Fuair muid amach go raibh easpa comhordaithe idir Tusla agus an HSE, a d'fhág nár leor na seirbhísí agus na tacaíochtaí a chuir an dá eagraíocht ar fáil. Ní fhacthas do cheachtar de na heagraíochtaí gurbh leanbh i gcúram í Molly agus gurbh leanbh faoi mhíchumas í chomh maith. In ionad sin, d'aithin Tusla a cuid riachtanais sábháilteachta agus leasa, ach ní dhearna siad aon idirdhealú maidir lena cuid riachtanais mhíchumais. D'aithin an HSE a cuid riachtanais mhíchumais ach ní dhearna siad aon idirdhealú maidir lena cuid laigí cosanta agus leasa mar leanbh i gcúram.

Fuair muid amach freisin go bhfuil sé seo ina fhadhb do chuid mhór leanaí faoi mhíchumas, atá i gcúram. Dúirt Tusla linn go raibh 472 leanbh a bhí diagnóisithe a bheith faoi mhíchumas meánach agus trom, i gcúraim altrama ar fud na hÉireann. Ba é seo tuairim is 8% den daonra iomlán i gcúram altrama.

Fuair muid amach nach raibh córas maith go leor i bhfeidhm ag Tusla nó ag an HSE chun a chinntiú go raibh tacaíochtaí leordhóthanacha á gcur ar fáil do na leanaí soghonta seo agus dá gcuid cúramóirí. Bhí imní orainn gur fhág seo nach raibh deiseanna curtha ar fáil do na leanaí seo lán a gcumais a bhaint amach.

Uasdátú maidir le Moltaí agus ar Gealltanais 2019

De bharr ár bhfiosrúchán, rinne an HSE agus Tusla roinnt gealltanais tábhachtacha agus uailmhianacha. Dá gcuirfí i bhfeidhm iad, dhéanfaid siad caighdeán maireachtála Molly a fheabhsú go mór agus bheadh tionchar dearfach acu ar leanaí eile faoi mhíchumas atá i gcúram an Stáit, leanaí nár aithníodh roimh na tuarascála.

Ó am fhoilsithe Chás Molly in 2018, bhíomar ag obair i gcomhpháirt le Tusla agus leis an HSE. D'iarr muid orthu uasdátú a chur ar fail dúinn in aghaidh na ráithe, faoin dul chun cinn atá déanta maidir leis na gealltanais a rinne siad, ag freagairt d'ár gcuid moltaí. Go luath in 2018, bhuail muid le Tusla agus leis an HSE Náisiúnta agus leis na foirne áitiúla atá freagrach as na moltaí a chur i bhfeidhm. Bhuail muid le cúramóirí altrama Molly chomh maith.

Thíos, tá léargas déanta ar na príomhmholtaí a rinneadh maidir le Molly, ar na gealltanais a rinne an HSE agus Tusla agus faoin méid a tharla ó shin.

Moladh 1 den OCO:

Ní mór do Tusla agus don HSE dul i gcomhairle go foirmiúil lena gcuid ranna rialtais ábhartha maidir le torthaí an fhiosrúcháin seo. Shocródh dul i gcomhairle foirmiúil lena gcuid ranna rialtais ábhartha, conas dul i ngleic trí reachtaíocht, rialachán, polasaí agus /nó trí chúrsaí bhuiséad, leis an mbearna atá ann faoi láthair maidir le soláthar agus le comhordú seirbhísí agus tacaíochtaí do leanaí atá faoi mhíchumas meánach nó trom, diagnóisithe agus atá i gcúram altrama.

Uasdátú 2019

Ag am a fhoilsithe don tuarascáil, dúirt Tusla linn go raibh Cás Gnó curtha acu faoi bhráid an Rialtais, chun an fhéidearthacht le híocaíocht tacaíochta feabhsaithe a thabhairt isteach do leanaí soghonta atá inár gcúram, a phlé. Dúirt siad linn go raibh siad lántiomanta do rannpháirtíocht foirmiúil leis an DCYA chun soláthar reatha agus soláthar seirbhíse sa todhchaí don ngrúpa leanaí seo, a phlé.

D'ainneoin an gealltanais seo, níl cás gnó ar bith curtha faoi bhráid an Rialtais ag Tusla, maidir le híocaíochtaí tacaíochta feabhsaithe do chúramóirí altrama leanaí atá faoi mhíchumas meánach nó trom. Mar a fuarthas amach i gcás Molly, bíonn íocaíochtaí breise airgeadais de réir rogha na mBainisteoirí Ceantair agus déantar iad a fhaomhadh tríd an phróiseas pleanála cúraim. Ina theannta sin, áirítear Liúntas Cúraim Foster mar ioncaim fós agus déantar é a chur san áireamh do thástáil acmhainne don Scéim Deontais um Oiriúnú Títhe do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Dúirt an HSE linn go raibh €10 milliún sa bhreis faighte acu le haghaidh seirbhísí faoisimh a fhorbairt ar fud na tíre agus gur chuir seo ar a gcumas 10 gcinn d'ionaid faoisimh nua saintógtha a oscailt in 2018. Bhí siad in ann tuilleadh uaireanta faoisimh sa bhaile a chur ar fáil, chomh maith le seisiúin faoisimh sa tráthnóna agus sna laethanta saoire freisin. Ní raibh siad cinnte áfach faoin méid den bhuiséad seo a bhí le cionroinnt ar sheirbhísí faoisimh do leanaí a fheabhsú. Mheas siad an uimhir seo a bheith tuairim is 20% nó €2 mhilliún. Dúirt an HSE agus Tusla linn nach raibh siad in ann comh-aighneachtaí a dhéanamh ar sheirbhísí faoisimh breise do na leanaí seo. San am céanna, tá an fhoireann áitiúil d'oibríthe sóisialta ag tacú leis an tSeirbhís Sláinte Pobail (CHO5) ar mhaithe le seirbhísí faoisimh feabhsaithe sa cheantar, do leanaí faoi mhíchumas, atá i gcúram. Má éiríonn leis, d'fhéadfaí é a bheith ina shampla do cheantair eile. Dúirt Tusla linn go bhfuil roinnt éagothrom ann maidir le seirbhísí faoisimh do leanaí, idir cheantair HSE CHO agus go mba mhaith leo tuilleadh seirbhísí faoisimh altrama a fhorbairt laistigh dá chuid cúram féin.

Moladh 2 den OCO:

Ní mór do Tusla agus don HSE athbhreithniú córasach a dhéanamh ar na tacaíochtaí reatha agus ar na seirbhísí atá á dtairiscint do Molly, lena chinntiú go mbeidh sí ann barr a cumais a bhaint amach maidir lena forbairt fhisiceach, chognaíoch, agus oideachasúla.

Uasdátú 2019

Dúirt Tusla agus an HSE linn ag am an fhiosrúcháin go mbeadh an gComh-Phrótacal um Chomhoibriú Idirghníomhaireachta idir an HSE agus Tusla ina chabhair mhór le haghaidh athbhreithniú córasach maidir leis na tacaíochtaí agus na seirbhísí reatha atá á soláthar don leanbh seo agus thug Tusla a ngealltanais go sonrach chun a chinntiú go mbeidh sí in ann barr a cumais a bhaint amach.

Fuair muid amach go bhfuil dul chun cinn maith déanta ag an roinn oibre sóisialta maidir le riachtanais Molly a athmheas agus maidir le hoibriú leis an HSE chun na tacaíochtaí agus na seirbhísí teiripe atá de dhíth uirthi, a chur i bhfeidhm, chun barr a cumais a bhaint amach. Fáiltítear roimhe seo agus ní mór é a mholadh.

I measc na ngníomhaíochtaí eile, shocraigh Tusla measúnú cónaithe neamhspleách thar dhá sheachtain ar riachtanais Molly, chomh maith le measúnú ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) maidir le riachtanais oideachais Molly.

Reáchtáladh cruinnithe athbhreithnithe pleanála cúraim agus thug Tusla cuireadh do réimse leathan de ghairmithe a raibh baint acu le saol Molly, chun freastal ar a cruinniú pleanála cúraim, in éineacht leis na cúramóirí altrama. Chiollaigh seo gur shuigh na daoine fásta ar fad a bhí ag soláthar seirbhísí do Molly, síos lena chéile agus go dtáinig siad ar chomhaontú maidir lena bhfuil le cur i bhfeidhm do Molly chun cuidiú léi barr a cumais a bhaint amach.

Dhearbhaigh an HSE gur sannadh cásbhainisteoir míchumais do Molly chun cabhrú lena cuid cúram a chomhordú lena cúramóirí altrama, le seirbhísí éagsúla de chuid an HSE agus le Tusla. Táimid lánsásta faoin leibhéal seo gníomhaíochta agus comhoibríthe idir na seirbhísí agus táimid ag tnúth go mbeidh sé seo ina shamhail don bhealach gur féidir le cásanna leithéidí cás Molly, a bhainistiú.

Tá dúshlán airgeadais ag cúramóirí altrama Molly go fóill, áfach. Mar shampla, nuair a cuireadh Molly isteach i gcúram cónaithe ar feadh dhá sheachtain fá choinne measúnú, gearradh siar Liúntas Cúramóra Altrama a cúramóra, don dá sheachtain. Rinneadh é seo gan a chur san áireamh gur thug na cúramóirí chuig an ionad í agus gur thug siad cuairt uirthi nuair a bhí sí ann. Tá saincheisteanna ann go fóill maidir le maoiniú do sheirbhísí feighlíochta leanaí.

Laghdaigh Tusla an maoiniú do sheirbhísí feighlíochta leanaí ó €150 go €100 ar an mbonn go raibh sé huairé Tacaíochta Baile agus faoiseamh sa bhreis tugtha ag an HSE, cé nach raibh an teaghlach ag fáil na tacaíochtaí seo ós rud é nach raibh an HSE in ann soláthraí seirbhíse a aimsiú.

Cé go bhfuil feabhsuithe ann maidir leis an dóigh atá na daoine fásta go léir a bhfuil baint acu le Molly, ag obair le chéile, dúirt cúramóirí Molly linn nach mbraitheann siad go n-éistean daoine leo faoina gcuid buarthaí maidir le clár beathaíochta nua Molly agus faoina cuid oideachais agus go bhfuil gá le tuilleadh comhoibriú ina leith.

Moladh 3 den OCO:

Má chuirtear an leanbh chuig socrúchán eile cúraim, ba chóir do Tusla agus don HSE na tacaíochtaí riachtanacha a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh aistriú seasmhach aici ón mbaile ina bhfuil sí faoi láthair.

Uasdátú 2019

Dúirt Tusla linn go bhfuil siad fós lántiomanta dá ndualgas reachtúil maidir leis an leanbh seo agus cuimsíonn seo a chinntiú no ndéanfar na cinnidh pleanála cúraim ar fad (lena n-áirítear na faoisimh) a threorú ar mhaithe leis an leanbh áirithe. Áirítear leis seo go mbeadh aistrithe ar bith maidir le socrúcháin bunaithe ar sheasmhacht agus ar an íosmhéid de chur isteach ar shaol an linbh, trí thacaíochtaí aitheanta cuí a sholáthar agus trí idirghabháil ghairmiúil más gá.

Tá cónaí ar Molly lena cúramóirí altrama fós agus tuigimid go bhfuil gach duine tiomanta do chabhrú le Molly agus lena cuid cúramóirí maidir leis an socrúchán seo.

Moladh 4 den OCO:

Ba chóir do Tusla agus don HSE athbhreithniú a dhéanamh ar na tacaíochtaí agus ar na seirbhísí a soláthraítear do tuairim is 471 leanbh eile atá faoi mhíchumas meánach nó trom agus atá i gcúram altrama sa Stáit, agus é sin a dhéanamh laistigh de 12 mhí ó dháta a eisithe. Ba chóir go mbeadh forbairt na samhla do bhainistíocht cásanna áitiúla atá á cur chun tosaigh sa Chomh-phrótacal, bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe seo. Ba chóir go mbeadh sé ina bhunús chomh maith d'fhorbairt mhéadrachtaí feidhmíochta sonracha agus do shlat tomhais torthaí do na leanaí seo, chomh maith le rannpháirtíocht idirghníomhaireachta níos leithne agus rannpháirtíocht ranna.

Uasdátú 2019

Dúirt Tusla linn go bhfuil sé beartaithe acu comhfhreagras a eisiúint leis an bhfoireann ar fad chun a chinntiú go bhfuil siad go léir ar an eolas faoin gComh-phrótacal idir an HSE agus Tusla agus faoin ngealltanas d'Ombudsman na Leanaí chun a chinntiú go ndéanfaí athbhreithniú córasach ar thacaíochtaí agus ar na seirbhísí a sholáthraítear do leanaí faoina gcúram ar a bhfuil míchumas meánach nó trom. Dúirt siad linn go ndéanfaí na hathbhreithnithe córasacha seo de réir a bhfeidhmiúcháin pleanála cúraim reachtúla faoin Acht um Chúram Leanaí 1991. Bheartaigh siad an fhaisnéis go léir ón athbhreithniú córasach a chur i dtoll a chéile chun cur le forbairt ar bith sa todhcháid maidir le méadrachtaí feidhmíochta agus maidir le slat tomhais torthaí do na leanaí seo. Ina theannta sin, dúirt said linn go gcuirfeadh siad a gcuid comhghleacaithe ar an eolas faoi na leanaí seo san HSE chun ullmhúchán maidir le comhpháirtíocht i bpleanáil cúraim agus i gcomhoibriú ar son na leanaí seo, a éascú.

Tá dul chun cinn maith déanta maidir le cur i bhfeidhm an gComh-phrótacal do Chomhoibriú Idirghníomhaireachta, atá i bhfeidhm ó mhí an Mhárta 2017. Dúirt Tusla linn go mbuaileann a bPríomhOifigeach Oibríochtaí le Ceannaire Oibríochtaí um Sheirbhísí do Dhaoine faoi Míchumas, (de chuid an HSE), gach ráithe, mar chuid de Choiste Chomh-phrótacal Maoirseachta Náisiúnta. Tá Comhghrúpa Oibre Ceantair ag gach ceantar anois agus buaileann Ceannaire na Seirbhíse cuí an HSE ó gach CHO, leis an bPríomhoibrí Sóisialta cuí gach mí, chun athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna leanaí i gcúram a bhfuil diagnóis míchumais intleachta meánach nó trom acu.

Tá sé ráite ag Tusla go bhfuiltear ag tnúth go ndéanfaí cinnidh ag leibhéal na foirne áitiúla, maidir le soláthar rochtana ar sheirbhísí ábhartha atá ar fáil. San am céanna, tá polasaí soiléir formhéadaithe ann anois do chásanna coimpléascacha nach féidir a réiteach ag leibhéal áitiúil. De réir Tusla, reáchtáladh ceardlanna Chomh-phrótacal ag leibhéal áitiúil agus eisíodh treoir ag Tusla agus ag an HSE go gcaithfí an prótacal a úsáid. Ina theannta sin, cuireadh ceannairí foirne na n-oibrithe sóisialta ar fad ar an eolas go gcaithfí cuireadh chuig Athbhreithnithe ar Leanbh i gCúram, a thabhairt do bhaill foirne den HSE atá páirteach i gcás linbh.

Tá dul chun cinn mór le déanamh fós ó thaobh an HSE de agus maidir le hidirghníomhaíocht idir an dá ghníomhaireacht. De réir an HSE, níl an acmhainneacht ag bainisteoirí míchumais i CHO áirithe, róil bhainistíochta cásanna a ghlacadh. Tá sé ráite ag an HSE nach bhfuil ról bainistíochta cásanna, ar nós an ceann atá i gceantar Molly anois, nach bhfuil a leithéid i ngach ceantar agus go bhfuil gach ceantar CHO ag dul ar aghaidh ag ráta difriúil maidir le cur i bhfeidhm Chomh-phrótacal.

Ina theannta sin thug an HSE le fios go raibh na ceardlanna Chomh-phrótacal dúshlánach in áiteanna, ós rud é nár thuig baill foirne sa líne thosaigh a gcuid róil agus a gcuid fhreagrachtaí faoin bprótacal. Dúirt an HSE nach bhfuil gach ceantar ar an eolas faoi fhiosrúchán Molly agus faoi na moltaí a comhaontaíodh ag an HSE. Creideann an HSE go bhfuil gá le cumarsáid níos fearr idir na foirne náisiúnta agus na foirne áitiúla.

Chomh maith leis an gComh-phrótacal, tá iniúchadh inmheánach déanta ag Tusla chun leanaí a aimsiú atá i gcúram altrama agus atá faoi mhíchumas meánach nó trom, chun na tacaíochtaí agus na seirbhísí breise atá de dhíth orthu a mheas. De réir fhaisnéis a thug Tusla i mí na Samhna 2018, bhí 483 leanbh i gcúram, a bhí diagnóisithe a bheith faoi mhíchumas meánach nó trom. Ina measc seo, dúirt Tusla go ndearnadh na hAthbhreithnithe um Leanáí i gCúram ar 407 acu laistigh den chreat ama reachtúla. Tá 76 eile nach ndearnadh athbhreithniú orthu laistigh den chreat ama reachtúla ach tá dátaí curtha in áirithe do 69 acu. Dúirt Tusla go bhfuil forbairt a dhéanamh ar mhéadrachtaí feidhmíochta agus ar shlat tomhais torthaí fós, do na leanáí seo agus go bhfuil taighde sonracha á choimisiúnú ag Tusla maidir leis an mbealach a dhéanann siad rathúlacht a thomhas.

Ta sé ráite ag Tusla go bhfuil bunachar sonraí lárnach náisiúnta ann anois do na leanáí seo, rud a chuireann ar chumas do Tusla agus don HSE pleanáil a dhéanamh níos luaithe, d'aistriú na leanáí chuig cúram fásta. Cé go bhfáiltíonn muid roimh an bhforbairt dhearfach seo, thugamar faoi deara nach raibh an HSE in ann a dhearbhu go bhfuil na leanáí seo aitheanta ag gach ceann de na ceantair áitiúla. De réir fhaisnéis a chuir an HSE faoinár mbráid, níl na leanáí atá i gcúram altrama agus atá faoi mhíchumas meánach nó trom, aitheanta ach amháin ag Chomhghrúpaí Oibre in CHO5 (Tiobraid Árann Theas, Ceatharlach/Cill Chainnigh, Port Láirge agus Loch Garman, CHO6 (Cill Mhanntáin, Dún Laoghaire, agus Baile Átha Cliath Thoir Theas) CHO7 (Cill Dara/ Iarthar Chill Mhantáin, Baile Átha Cliath Thiar, Deisceart Chathair Bhaile Átha Cliath agus Baile Átha Cliath Thiar Theas) agus CHO9 (Baile Átha Cliath Thuaidh, Baile Átha Cliath Thuaidh Lár agus Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh). Ta Grúpaí Oibre fós i mbun na hoibre chun na leanáí seo a aithint sna ceantair seo a leanas: CHO1 (Dún na nGall, Sligeach/Liatroim/An Cabhán Thiar agus Cabhán/ Muineachán), CHO2 (Gaillimh, Ros Comáin agus Maigh Eo) CHO3 (An Clár, Luimneach agus Tiobraid Árann Thuaidh/Luimneach Thiar), CHO4, (Ciarraí, Corcaigh Thuaidh An Laoi Thuaidh, An Laoi Theas agus Iarthar Chorcaí) agus CHO8 (Laois/Uíbh Fháilí, Longfort/An Iarmhí, Lú agus An Mhí). Maíonn an HSE go bhfuil an fhaisnéis a chuir Tusla ar fáil neamhiomlán toisc nach bhfuil comhaontú idir Tusla agus an HSE faoi na critéir

a bhaineann le míchumas meanach nó trom. Tá sé ráite ag an HSE go bhfuil siad chun bailíochtú sonraí a dhéanamh ag leibhéal CHO chun ainmneacha agus bail na leanaí a dheimhniú.

Lena chois sin, ní raibh a fhios ag an HSE cé mhéad de na leanaí aitheanta seo a raibh cruinniú athbhreithnithe plean cúraim acu nó cé mhéad acu a raibh plean aonair acu chun dul i ngleic lena gcuid riachtanais ón HSE. D'admhaigh an HSE nach raibh athbhreithniú déanta ar riachtanais na leanaí seo tríd an phróiseas pleanála cúraim ach ag ceantar CHO5 as naoi gcinn de cheantair CHOS. Dúirt an HSE nach raibh tús curtha ag ceantar CHO6 nó CHO7 le pleanáil do na hathbhreithnithe córasacha faoinar tugadh gealltanais ag am a fhoilsithe.

Conclúid:

Ar an iomlán, fuair muid amach go bhfuil dul chun cinn cinnte déanta ó am fhoilsithe do chás Molly in 2018. Maidir le cás áirithe Molly, d'oibrigh Tusla go dlúth le cúramóirí altrama Molly lena chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí atá de dhíth uirthi i bhfeidhm. Tá saincheisteanna ann fós áfach maidir le cúrsaí airgeadais do chúramóirí Molly agus maidir le leibhéal na freagrachta atá leagtha orthu maidir lena haiste bia agus maidir lena hoideachas.

Tá an caidreamh oibre idir Tusla agus an HSE agus an tionchar atá aige ar chúram leanaí atá faoi mhíchumas agus atá i gcúram an Stáit, ina chúis imní fós. Tá dul chun cinn déanta maidir le cur i bhfeidhm an Chomh-phrótaicail um Chomhoibriú Idirghníomhaireachta ach tá a lán le déanamh fós.

Níl sé sásúil nach bhfuil bainisteoirí míchumais ag an HSE chun ról bhainistíochta cásanna a ghlacadh, nó nach bhfuil na leanaí go léir lena mbaineann seo, aimsithe ag an HSE de bharr go bhfuil teipthe orthu tuiscint chomóna a chomhaontú maidir le leanaí atá faoi mhíchumas meánach nó trom.

Níl cás gnó Tusla maidir le híocaíochtaí feabhsaithe do chúramóirí altrama leanaí atá faoi mhíchumas meánach nó trom, rud a gheall siad in 2018, níl sé curtha i gcrích go fóill agus tá fadhb ann fós maidir le faoiseamh do na leanaí lena mbaineann sé.

Cé go bhfuil sé tábhachtach an dul chun cinn atá déanta maidir le Molly í féin a aithint, dar linn nach bhfuil go leor déanta ó am fhoilsithe chás Molly in 2018. Dá bharr sin, leanfaimid ar aghaidh ag déanamh monatóireacht ar na saincheisteanna go ceann 12 mhí, ag obair leis an HSE agus le Tusla chomh maith.

Tá sé fíorthábhachtach go dtiocfaidh feabhas ar an gcaidreamh oibre idir Tusla agus an HSE, go háirithe ag leibhéal áitiúil, ionas go gcuirfí ar a chumas do gach leanbh atá faoi mhíchumas meanach nó trom agus atá i gcúram stáit, barr a chumais a bhaint amach. Ní féidir é seo a dhéanamh ach amháin má oibríonn na daoine fásta atá bainteach leo, go dlúth lena chéile chun plean oiriúnach dá gcuid riachtanais a chruthú agus a chomhaontú anois agus don todhchaí. Cabhróidh seo leis an dá ghníomhaireacht acmhainní a sholáthar do gach leanbh ar bhealach tráthúil agus éifeachtach, agus mar sin tiocfaidh laghdú ar an ualach atá ar chúramóirí altrama atá faoi bhrú agus atá iontach tiomanta.